**An Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar**

**<u>Dearbhú na Bruiséile, an 17 Nollaig 2025</u>**

Seo a leanas an tátal a bhaineamarna, ceannairí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát, i gcomhar le comhpháirtithe na mBalcán Thiar, as cruinniú mullaigh an lae inniu:

1. Ba léiriú é Cruinniú Mullaigh an lae inniu ar an dlúthchaidreamh atá eadrainn agus ar an gcaoi a dtéann an caidreamh sin chun tairbhe do na saoránaigh. Is léiriú é cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus na dúshláin gheopholaitiúla atá á dtabhairt **gur gá ceangal níos dlúithe ná riamh a bheith idir an tAontas agus na Balcáin Thiar.** Is é an Cruinniú Mullaigh seo an ócáid is mó sa bhliain leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach atá idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar a athdhearbhú.
2. Athdhearbhaímid arís eile ár dtiomantas iomlán neamhbhalbh do pheirspictíocht Eorpach na mBalcán Thiar. Tá sé **i ndán do na Balcáin Thiar a bheith san Aontas seo againne**. Is réalaíoch an fhéidearthacht é an méadú, agus ba cheart an deis atá ann a thapú.
3. Is díol sásaimh dúinn **an fuinneamh a gineadh agus an dul chun cinn a rinneadh ó bhí an Cruinniú Mullaigh deireanach ann**. Is chun ár leasa choitinn é dlús a chur leis an bpróiseas aontachais, bunaithe ar athchóirithe inchreidte a bheith á ndéanamh ag na comhpháirtithe, bunaithe ar ghéarchoinníollacha cothroma a bheith á leagan síos do na comhpháirtithe, agus bunaithe ar phrionsabal na dtuillteanas dílis a bheith i bhfeidhm.
4. Infheistíocht gheostraitéiseach é an méadú **– infheistíocht gheostraitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas**, mar a dúradh cheana i nDearbhú Granada. Móiminteam seasta a theastaíonn i bhfianaise éigeandála na linne. Na tíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit amach anseo, ní foláir dóibh borradh a chur faoi na hiarrachtaí athchóirithe atá ar bun acu. San am céanna, ní mór don Aontas an obair ullmhúcháin agus athchóiriúcháin inmheánach is gá a dhéanamh.
5. Is díol sásaimh don Aontas **a thiomanta atá comhpháirtithe na mBalcán Thiar seasamh le luachanna agus prionsabail na hEorpa, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, le príomhacht an daonlathais, leis na cearta agus luachanna bunúsacha agus leis an smacht reachta**, agus tá an tAontas ag súil go ndéanfaidh na Balcáin Thiar beart de réir a mbriathair trí úinéireacht a ghlacadh agus na hathchóirithe riachtanacha a chur chun feidhme, go háirithe i réimse na ngnéithe bunúsacha. Tá sé barrthábhachtach go mbeadh saoirse chun tuairimí a nochtadh ann, go mbeadh meáin neamhspleácha iolraíocha ann agus go mbeadh comhionannas inscne ann, agus go mbeadh ról mór ag an tsochaí shibhialta, má tá an daonlathas le feidhmiú mar is ceart. Iarrann an tAontas ar na comhpháirtithe cearta na ndaoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad a ráthú agus an chóir chomhionann a ráthú dóibh.

6. Má táthar le todhchaí chomhroinnte a thógáil, tá fíorthábhacht ag baint i gcónaí leis an g**comhar réigiúnach cuimsitheach, leis an athmhuintearas agus leis an dea-chaidreamh comharsanachta** chomh maith leis na comhaontuithe idirnáisiúnta a bheith á gcur chun feidhme de mheon macánta, agus torthaí nithiúla a bheith orthu. I measc na gcomhaontuithe sin tá Comhaontú Prespa a rinneadh leis an nGréig agus an Conradh maidir le Cairdeas, Dea-Chomharsanacht agus Comhar a rinneadh leis an mBulgáir. Tá iarrachtaí cinniúnacha fós le déanamh leis an athmhuintearas agus an chobhsaíocht réigiúnach a chothú agus le réiteach críochnaitheach uilechuimsitheach ceangailteach a fháil agus a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le prionsabail sheanbhunaithe, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Saincheisteanna Comharbais, maidir le díospóidí déthaobhacha agus réigiúnacha a bhfuil na comhpháirtithe sáite iontu, maidir le himris atá fréamhaithe in oidhreacht an ama atá caite, maidir le cásanna gan réiteach na ndaoine atá ar iarraidh agus maidir leis na ceisteanna a bhaineann le coireanna cogaidh.

7. **Seasaimid bonn ar aon agus tacaíocht sheasta á tabhairt don Úcráin** againn, anois agus ceannasacht agus iomláine chríochach na tíre á gcosaint aici ar an gcogadh foghach neamhdhleathach atá á fhearadh gan chúis ag Rúis. Dearbhaímid an athuair go seasaimid leis an tsíocháin san Úcráin, síocháin a bheidh cuimsitheach cóir marthanach agus a bheidh bunaithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta. Leanfaimid orainn ag infheistiú san iltaobhachas agus ag obair as lámh a chéile leis na comhpháirtithe leis an ord idirnáisiúnta a chaomhnú.

8. Is maith an léiriú i gcónaí ar rogha straitéiseach an chomhpháirtí é an comhpháirtí a bheith á ailíniú féin le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) an Aontais**, agus mar chuid den mhéid sin, bearta sriantacha an Aontais a bheith á gcur chun feidhme agus á bhforfheidhmiú aige agus é a bheith ag cur i gcoinne aon dul timpeall a dhéanfaí orthu. Molaimid na comhpháirtithe sin sna Balcáin Thiar atá ailínithe go huile agus go hiomlán le CBES an Aontais agus tathantaímid orthu siúd nach bhfuil sé déanta fós acu tabhairt faoi gan mhoill.

9. Is díol sásaimh don Aontas an méid atá curtha ag na comhpháirtithe le **misin agus oibríochtaí Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais**. Tá an tAontas ag leanúint air ag tacú leis na Balcáin Thiar agus iad ag dul i ngleic le cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha eile agus le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus tá sé ag leanúint air ag neartú an chomhair leis an athléimneacht a chothú, lena n-áirítear trí Lárionad Cibear-Acmhainneachta na mBalcán Thiar agus an Sciath Eorpach don Daonlathas.

10. Is díol sásaimh dúinn go ndearnadh na chéad **Chomhpháirtíochtaí Slándála agus Cosanta** sna Balcáin Thiar agus gur seoladh an tIdirphlé Slándála agus Cosanta. Geallaimid i gcónaí go leanfaimid ag tabhairt tacaíochta faoin tSaoráid Eorpach Síochána.

11. Geallaimid i gcónaí go dtabharfaimid na Balcáin Thiar níos gaire don Aontas, agus go ndéanaimid amhlaidh le linn phróiseas an mhéadaithe féin. Tá **lánpháirtíocht á déanamh de réir a chéile**, ar bhealach inchúlaithe, fiúntasbhunaithe, i roinnt mhaith réimsí beartais, rud a dhéanfaidh maitheas inbhraite luath sa lá do na saoránaigh, agus rud a bhaineann fód don aontachas. Ba cheart tograí eile maidir leis an lánpháirtíocht de réir a chéile a bhreithniú, faoi réir ailíniú ábhartha a dhéanamh le *acquis* an Aontais. Ba cheart iomláine mhargadh aonair an Aontais agus an cothrom iomaíochta a chaomhnú go huile agus go hiomlán agus dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an lánpháirtíocht eacnamaíoch.

12. Is díol sásaimh dúinn dul chun cinn a bheith á dhéanamh agus **comhpháirtithe na mBalcán Thiar a bheith á lánpháirtiú de réir a chéile i Margadh Aonair an Aontais**, i ndáil leis an méid seo a leanas i measc rudaí eile:

    - **tionscnaimh Mhórbhealach an Mhargaidh Aonair** a bheith á gcur chun feidhme, fad a bheith á chur leis na **Lánaí Glasa** idir an tAontas agus na Balcáin Thiar agus maoiniú a bheith á dhéanamh ar nuachóiriú agus **comhchuibhiú na dtrasnuithe teorann**;
    - roinnt mhaith comhpháirtithe a bheith tagtha isteach sa **Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA)** agus comhpháirtithe eile a bheith ar tí teacht isteach ann freisin, rud a laghdóidh go mór an costas a bheidh ar idirbhearta bainc;
    - páirt a bheith á glacadh ag na comhpháirtithe **i dtionscnaimh dhigiteacha** nó na tionscnaimh sin a bheith á macasamhlú – na Moil Nuálaíochta Digití, WiFi4WB agus Tiachóg Céannachta Digití an Aontais, mar shampla;
    - **costais fánaíochta sonraí** idir an tAontas agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar **a laghdú** an 1 Deireadh Fómhair 2023, rud a dheimhnigh go bhfuil an tAontas tiomanta an limistéar **'Fánaíocht ar Tháillí Baile'** a leathnú chuig na Balcáin Thiar, agus a cheadaigh do na saoránaigh glaonna a chur, teachtaireachtaí a sheoladh agus sonraí móibíleacha a úsáid ó cheann ceann an Aontais agus ó cheann ceann an réigiúin gan aon chostas breise a bheith i gceist.

13. Leis an b**Plean Fáis,** cuirfear dlús leis an gcóineasú socheacnamaíoch idir na Balcáin Thiar agus an tAontas, fad agus go gcuirfidh na comhpháirtithe chun feidhme **na hathchóirithe sin a bhaineann leis an Aontas**. D'fhéadfadh an Plean Fáis borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch sa réigiún as seo go ceann deich mbliana ó tharla go bhfuil suas le EUR 6 bhilliún á chur ar fáil ann don athchóiriú agus don infheistíocht. Tá an EUR 6 bhilliún sin le tabhairt sa bhreis ar an EUR 29 mbilliún atá á chur ar fáil tríd an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta. Iarrann an tAontas go mbainfí an leas is fearr is féidir as na deiseanna atá sa Phlean Fáis, ar deiseanna iad nach raibh a leithéid ann riamh cheana, trí athchóirithe a chur chun feidhme go tráthúil.

14. Cuireann an tAontas i dtreis gur maith mar a spreagfaidh **an Cómhargadh Réigiúnach** doimhniú na lánpháirtíochta agus gur céim i dtreo Mhargadh Aonair an Aontais atá ann. Tathantaíonn an tAontas ar chomhpháirtithe na mBalcán Thiar iad féin a thiomnú go huile agus go hiomlán don chomhar cuiditheach leis an gcómhargadh sin a bhaint amach agus na comhaontuithe sin a tugadh i gcrích cheana a chur chun feidhme.

15. Is díol sásaimh don Aontas an nascacht – nascacht san fhuinneamh, san iompar agus i gcúrsaí digiteacha – a bheith á neartú laistigh den réigiún agus leis an Aontas, agus leanfaidh an tAontas air ag tacú leis an neartú sin. Leanfaidh an tAontas air ag tacú leis **na hiarrachtaí atá á ndéanamh na foinsí agus na bealaí soláthair fuinnimh a éagsúlú**. Leis an méid sin, neartófar an tslándáil fuinnimh agus laghdófar an spleáchas ar thíortha eile. Leanfaidh an tAontas air ag rannchuidiú leis an aistriú fuinnimh sna Balcáin Thiar.

16. Dúshlán comhroinnte agus freagracht chomhroinnte i gcónaí é an **bainistiú imirce** agus is príomhthosaíocht i gcónaí againn é. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta, ní mór do chomhpháirtithe na mBalcán Thiar tuilleadh a dhéanamh leis an mbeartas víosaí atá acu a ailíniú go huile agus go hiomlán le beartas an Aontais, leis an smuigleáil imirceach agus an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac, agus le neartú a dhéanamh arís eile ar an mbainistiú teorainneacha, ar na córais tearmainn agus ghlactha agus ar fhilltí ar na tíortha tionscnaimh.

17. Ba cheart freisin leanúint leis na hiarrachtaí comhpháirteacha atá á ndéanamh maidir le **comhrac an éillithe, na gáinneála ar dhrugaí agus gach cineál coireachta tromchúisí agus eagraithe**, agus maidir le cosc agus comhrac na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Comhpháirteach nua a síníodh le deireanas agus i bhfianaise na Comhghuaillíochta Eorpaí i gcoinne Drugaí (ECAD) a seoladh le deireanas, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le drugaí.

18. De cheal normalú an chaidrimh idir Pristine agus Béalgrád, tá an dá chomhpháirtí sin fós á gcoinneáil siar ar a gconair Eorpach. Ní mór na Comhaontuithe go léir ar thángthas orthu san **Idirphlé arna éascú ag an Aontas idir Béalgrád agus Pristine** a chur chun feidhme, go háirithe an Comhaontú maidir leis an gconair i dtreo an normalaithe agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis. Tá an tacaíocht a thugtar faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar ag brath ar na comhpháirtithe a bheith rannpháirteach ar bhealach cuiditheach agus dul chun cinn intomhaiste a bheith á dhéanamh maidir lena gcaidreamh a normalú, agus torthaí nithiúla a bheith air an dul chun cinn sin.

19. Is mian linn a chur i dtreis a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh gach taobh iarrachtaí leanúnacha i dtaca leis an g**cumarsáid straitéiseach** i dtaobh roinnt ábhar, ina measc na tairbhí a bhaineann le méadú agus leis an lánpháirtíocht de réir a chéile agus an gá atá le cothú na muiníne, na tuisceana agus na comhthola fud fad na sochaí. Táimid ag brath ar chomhpháirtithe na mBalcán Thiar lena chur in iúl dá bpobal gurb é an tAontas an comhpháirtí is dlúithe, an deontóir is mó agus an t-infheisteoir agus an comhpháirtí trádála is tábhachtaí atá ag an réigiún i gcónaí agus lena dtiomantas do luachanna agus d'athchóirithe an Aontais a léiriú le briathar agus le beart.

20. Táimid ag súil leis an gcéad **Chruinniú Mullaigh eile idir an tAontas agus na Balcáin Thiar**, a bheidh ar siúl **i Montainéagró** i mí an Mheithimh 2026.

***

21. Is díol sásaimh dúinn go bhfuil comhpháirtithe na mBalcán Thiar ailínithe[1] leis an Dearbhú seo.

---

[1] Níor ailínigh an tSeirbia leis.